# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

## AN LÉANN GIÚDACH — ARDLEIBHÉAL

IOMLÁN NA MARCANNA: 400

DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH — MAIDIN, 9.30 go 12.00

CUID 1: 80 MARC & CUID 2: 320 MARC

## *Treoracha d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:
2. Freagair sa fhreagarleabhar seo GACH ceist i gCUID 1 ar THEIDEAL A *nó* ar THEIDEAL B atá leagtha síos mar OBAIR THIONSCADAIL ar scrúdpháipéar an Léinn Ghiúdaigh sa Teastas Sóisearach in 2013. Tá na ceisteanna ar THEIDEAL A agus ar THEIDEAL B ar cómharc.
3. I gCUID 2 freagair GACH ceist i ROINN A agus TRÍ cinn de na ceisteanna i ROINN B sa fhreagarleabhar ar leith a tugadh duit. Tá gach ceist i gCUID 2 ar cómharc.
4. Caithfidh tú an freagarleabhar comhlánaithe seo agus an freagarleabhar ar leith a tugadh duit a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.

*Don Fheitheoir Amháin*

*Stampa an Ionaid*

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán na ceiste/gceisteanna dícheadaithe | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc ar líne 3 thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca 'IOMLÁN NA MARCANNA' thall. | |

*Don Scrúdaitheoir Amháin*

| *Cuid* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|
| 1 | A | Iomlán an Teidil (80) | |
| | B | Iomlán an Teidil (80) | |
| 2 | A | Ceisteanna (80) | |
| | B | Ceist 1 (80) | |
| | | Ceist 2 (80) | |
| | | Ceist 3 (80) | |
| | | Ceist 4 (80) | |
| | | Ceist 5 (80) | |
| | | IOMLÁN NA MARCANNA | |

## CUID 1 (80 Marc)

## OBAIR THIONSCADAIL

BA CHÓIR DUIT THART AR 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT NA gCEISTEANNA I gCUID 1.

CAITHFIDH TÚ **GACH** CEIST AR **THEIDEAL A *NÓ*** AR **THEIDEAL B** THÍOS A FHREAGAIRT.

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

## TEIDEAL A

**Cás-staidéar ar fhrithbheartaíocht na nGiúdach i gcoinne an Uileloiscthe, mar a chonacthas í le linn 'Aiséirí Gheiteo Vársá' in 1943.**

**Ceisteanna:**

**1.** Léigh an sliocht seo as dán a cumadh faoi pháiste i nGeiteo Vársá agus freagair na ceisteanna thíos:

*Cuirim ballaí is gardaí díom ...*
*Is éalaím liom ar nós cait ...*
*Faoi m'ascaill mála sacéadaigh*
*Ar mo dhroim giobal stróicthe ...*
*Is síor-eagla i mo chroí*

*Ach níl dada is féidir a dhéanamh*
*Ach fulaingt -*
*D'fhonn is go mbeidh, a dhaoine uaisle,*
*Bhur ndóthain d'arán an lae agaibh.*

(Cóirithe ó *An Smuigleálaí Beag* le Henryka Lazawart)

a. Céard atá an páiste sa dán seo ag smuigleáil isteach go Geiteo Vársá?

____________________________________________

(5 mharc)

b. Ón obair thionscadail a rinne tú, tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a raibh páistí i nGeiteo Vársá ag smuigleáil.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(7 marc)

c. Déan cur síos ar dhóigh **eile** ina ndearna an pobal Giúdach i nGeiteo Vársá iarracht saol mar ba ghnách a bheith acu le linn an Dara Cogadh Domhanda.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(7 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**2.** Ón gcás-staidéar atá déanta agat, tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla den chaoi ar tharla Aiséirí Gheiteo Vársá i 1943 de bharr na géarleanúna ar an bpobal Giúdach.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| 1 | 2 |

i.

ii.

(20 marc)



THALL →

**3.** *Bhí tionchar ag Aiséirí Gheiteo Vársá i 1943 ar fhrithbheartaíocht an phobail Ghiúdaigh i gcoinne an Uileloiscthe (Shoah).*

Pléigh an tionchar a bhí ag Aiséirí Gheiteo Vársá i 1943 ar fhrithbheartaíocht an phobail Ghiúdaigh i gcoinne an Uileloiscthe (Shoah).

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| 1 | 2 |

(20 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

| + | = |
|---|---|

**4.** ● CUMARSÁID ● FIOSRÚ/TAIGHDE ● MEASÚNÚ ● EAGRÚCHÁN ● MACHNAMH ● OBAIR NEAMHSPLEÁCH

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

Roghnaigh **trí** cinn de na scileanna thuas a d'úsáid tú i d'obair thionscadail agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar úsáid tú gach scil acu chun staidéar a dhéanamh ar fhrithbheartaíocht an phobail Ghiúdaigh i gcoinne an Uileloiscthe (Shoah) mar a chonacthas í in Aiséirí Gheiteo Vársá i 1943.

i. ______________ *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*
(SCIL)

ii. ______________ *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*
(SCIL)

iii. ______________ *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*
(SCIL)

(21 mharc)



THALL →

*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

*NÓ*

# TEIDEAL B

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**Scrúdú ar an gcosaint a tugadh do shaoránaigh Ghiúdacha laistigh de Stát na Danmhairge le linn an Uileloiscthe (Shoah).**

**Ceisteanna:**

**1.** a. *Seo grianghraf d'iascairí Danmhargacha ag tarrtháil daoine Giúdacha i 1943.*



*(Foinse:www.jewishvirtuallibrary.org )*

Cén tír a thairg tearmann do dhaoine Giúdacha ón Danmhairg i 1943?

________________________________________

(5 mharc)

b. Ón obair thionscadail a rinne tú, déan cur síos ar shampla **eile** den chaoi ar sábháladh beatha daoine Giúdacha ar an mbás trí chosaint ó rialtas na Danmhairge *nó* ó Dhanmhargach ar leith.

________________________________________

(14 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

| | + | = |
|---|---|---|

**2.** ● BREATHNÓIR ● AN RÉITEACH DEIREANACH ● SEINEAFÓIBE

Ón obair thionscadail a rinne tú, scrúdaigh an chaoi a raibh baint ag **dhá** cheann acu sin thuas lenar tharla do Ghiúdaigh ón Danmhairg le linn an Uileloiscthe (Shoah).

i.

ii.

(20 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |



THALL →

Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**3.** *Bronnadh an teideal 'Fíréanta i Measc na Náisiún' ar Ghluaiseacht Frithbheartaíochta na Danmhairge.*

Pléigh na cúiseanna ar bronnadh an teideal 'Fíréanta i Measc na Náisiún' ar Ghluaiseacht Frithbheartaíochta na Danmhairge.

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

(20 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**4.** ● CUMARSÁID ● FIOSRÚ/TAIGHDE ● MEASÚNÚ

● EAGRÚCHÁN ● MACHNAMH ● OBAIR NEAMHSPLEÁCH

Roghnaigh **trí** cinn de na scileanna thuas a d'úsáid tú i d'obair thionscadail agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar úsáid tú gach scil acu chun scrúdú a dhéanamh ar an gcosaint a tugadh do shaoránaigh Ghiúdacha na Danmhairge le linn an Uileloiscthe (Shoah).

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

i. ________ *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*
(SCIL)

ii. ________ *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*
(SCIL)

iii. ________ *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*
(SCIL)

(21 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

# CUID 2 (320 Marc)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS SA FHREAGARLEABHAR AR LEITH.**

## ROINN A

BA CHÓIR DUIT THART AR 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT **GACH** CEIST I ROINN A THÍOS.

**CEISTEANNA: POBAIL GHIÚDACHA NA hÉIREANN AGUS AN TEAGHLACH GIÚDACH**

*Freagair A agus B.*

**A.** Samhlaigh go bhfuil tú ar cuairt ag teaghlach Giúdach agus go bhfeiceann tú ar taispeáint ann an t-earra reiligiúnach atá sa ghrianghraf seo thíos:




(Foinse:www.nccg.org)

a. Ainmnigh an t-earra reiligiúnach atá sa ghrianghraf seo. (5 mharc)

b. Cá háit i dteach an teaghlaigh Ghiúdaigh ar chóir don earra reiligiúnach a d'ainmnigh tú thuas a bheith ar taispeáint? (5 mharc)

c. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht reiligiúnach sa teaghlach Giúdach ag an earra a d'ainmnigh tú thuas. (30 marc)



(Foinse:SoftKeyMultimedia)

**B.** a. Ainmnigh an leabhar ina bhfuil an chéad tagairt riamh do dhaoine Giúdacha a bheith in Éirínn sa bhliain 1079. (5 mharc)

b. *Tharla sé roinnt uaireanta le linn na gcéadta bliain gur tháinig grúpaí de dhaoine Giúdacha go hÉirinn ar inimirce.*

Ainmnigh tír **amháin** as ar tháinig grúpa de dhaoine Giúdacha ar inimirce go hÉirinn. (5 mharc)

c. Déan cur síos ar an gcaoi ar bunaíodh **dhá** phobal Ghiúdacha in Éirinn de bharr na hinimirce sin. (30 marc)

# ROINN B

BA CHÓIR DUIT THART AR 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT GACH CEIST I ROINN B.

CAITHFIDH TÚ **TRÍ** CHEIST A FHREAGAIRT AS NA CÚIG CHEIST I ROINN B THÍOS.

**CEIST 1.** **CREIDIÚINTÍ AGUS TEAGASC MORÁLTA**

*Freagair A agus B.*

**A.** a. Léigh an sliocht seo a leanas, ar sampla é den dóigh a gcuireann Conradh Dé dualgais ar Ghiúdaigh: *'Gach ní beo a ghluaiseann beidh sé mar bhia agaibh; ... Ach amháin, ní bheidh cead agaibh feoil a beatha inti a ithe, is é sin, a cuid fola'.* (Geineasas 9:3-4)
Déan cur síos ar shampla **eile**, ón aimsir Bhíobalta, de na dualgais a leag Conradh Dé ar an bpobal Giúdach. (20 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá ag Giúdaigh an lae inniu ar 'Chonradh Dé'. (20 marc)

**B.** a. Déan cur síos ar **dhá** thréith a bhaineann leis an tuiscint atá ag Giúdaigh ar Dhia. (20 marc)

b. Mínigh conas a thabharfadh 'Tikkun Olam' treoir do dhuine chun cinneadh a dhéanamh faoin rud atá ceart agus faoin rud atá mícheart i suíomh ar leith. (20 marc)

**CEIST 2.** **BEANNAITHEACHT SA CHREIDEAMH GIÚDACH**

*Freagair A agus B.*

**A.** a. Cén aois a bhíonn ag leanbh Giúdach fireann, de ghnáth, nuair a chuirtear searmanas an timpeallghearrtha ar siúl dó ? (10 marc)


b. ● BRIT MILA ● ADHLACADH GIÚDACH ● PÓSADH GIÚDACH
Déan cur síos ar na gnásanna a bhaineann le **dhá** cheann de na searmanais Ghiúdacha liostaithe thuas. (30 marc)

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a mbíonn Yom Kippur á chomóradh ag an bpobal Giúdach sa lá atá inniu ann. (20 marc)

b. Mínigh cúis **amháin** a mbíonn Yom Kippur á chomóradh ag Giúdaigh chomhallacha. (20 marc)

**CEIST 3.** **ÁITEANNA BEANNAITHE**

*Freagair A agus B.*



(*Foinse:SoftKeyMultimedia*)

**A.** a. Ainmnigh an foirgneamh reiligiúnach in Iarúsailéim ina gcoinnítí Áirc an Chonartha san aimsir Bhíobalta. (10 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a ndeachaigh ionsaí na mBablónach ar Iúdá/Iúdáia i 586 RCR i gcion ar an bpobal Giúdach**.** (20 marc)

**B.** a. i. Céard é an líon is lú fear fásta is gá a bheith i láthair chun seirbhís iomlán a chur ar siúl i sionagóg? (10 marc)

ii. ● BIMAH ● LAMPA BUAN
Roghnaigh ceann **amháin** díobh sin thuas agus déan cur síos ar an bhfeidhm atá aige sa tsionagóg. (20 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis ar tábhachtach le Giúdaigh chomhallacha an urnaí phobail. (20 marc)

## CEIST 4. SCRÍBHINNÍ AGUS TRÁCHTAIREACHTAÍ DIAGA

*Freagair A agus B.*



*(Foinse:thefreedictionary.com)*

**A.** a. *Tá breac-chuntais sa Bhíobla Eabhraise ar na scéalta a bhaineann le cuid mhaith de cheannairí an phobail Ghiúdaigh.*
Ainmnigh an duine a threoraigh an pobal Giúdach as a ndaoirse san Éigipt. (10 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an ról a bhí ag Iósua i stair an phobail Ghiúdaigh a bhfuil cur síos uirthi sa Bhíobla Eabhraise. (30 marc)

**B.** a. Ainmnigh údar an 'Shulchan Aruch' a foilsíodh den chéad uair sa 16ú haois. (10 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis ar éirigh an 'Shulchan Aruch' ina threoir thábhachtach do Ghiúdaigh. (30 marc)

## CEIST 5. AN EABHRAIS

*Freagair A agus B.*

**A.** Léigh na frásaí thíos as an mBíobla Eabhraise agus freagair na ceisteanna a leanann iad:

a. אֶרֶץ מִצְרַיִם Cén tír a bhfuiltear ag tagairt di sa téacs Eabhraise seo? (10 marc)

b. וַיֹּאמֶר אֱלֹהִים יְהִי אוֹר וַיְהִי אוֹר׃

i. De réir na tagartha sa téacs Eabhraise, cén duine atá ag caint? (10 marc)

ii. Tabhair breac-chuntas i d'fhocail féin ar an treoir atá á tabhairt sa téacs Eabhraise thuas. (20 marc)

**B.** a. Samhlaigh go dtugann cairde Giúdacha cuireadh duit an féile Ghiúdach פּוּרִים a cheiliúradh leo. Céard é an t-ainm Gaeilge ar an bhféile Ghiúdach seo? (10 marc)

b. Cloiseann tú raibí ag caint as Eabhrais le mac léinn. Baineann an raibí agus an mac léinn araon úsáid as an téarma בר מצוה sa chomhrá. Cén Ghaeilge atá ar an téarma seo? (10 marc)

c. Seo thíos na hainmneacha Eabhraise ar dhá leabhar as an bPeintiteoch:

i. וַיִּקְרָא ii. בְּמִדְבַּר

Tabhair an t-ainm Gaeilge ar gach ceann de na leabhair sin thuas. (20 marc)